**An Grúpa Comhairleach ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015**
**Téarmaí Tagartha**

**Teideal:** An Grúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil

**Cuspóir:** Is é ról an Ghrúpa Chomhairligh ná faisnéis agus treoir a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin), nithe a bheidh ina gcabhair agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha cur chun feidhme a thagann as clár brústocaireachta a bhunú faoin mBille um Brústocaireacht a Rialáil 2014.

**Cruinnithe:** Cinnfidh an Coimisiún um Chaighdeáin na dátaí. Cuirfear cruinnithe ar siúl sách minic chun cur ar chumas an Ghrúpa Chomhairligh a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ullmhóidh an Rúnaí leis an nGrúpa Comhairleach miontuairiscí gach cruinnithe agus foilseofar iad.

**Údarás:** Tabharfaidh an Grúpa Comhairleach tuairisc don Choimisiún um Chaighdeáin. Údaróidh an Coimisiún um Chaighdeáin na leaganacha deiridh d'aon tuarascálacha etc. a eascraíonn as obair an Ghrúpa Chomhairligh.

**Ról agus Freagrachtaí:**

- Cabhair a thabhairt agus an córas clárúcháin bhrústocaireachta á thástáil sula dtéann sé beo. Bunaíodh Bord Tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar Chóras Clárúcháin Ar Líne a dhearadh agus a fhorbairt. Tabharfaidh an Grúpa Comhairleach tuairisc don Bhord Tionscadail i dtaca leis an gCóras Clárúcháin Ar Líne;
- Sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna cur chun feidhme, ar rioscaí agus ar bhearnaí ar dóigh dóibh dul i bhfeidhm ar oibriú an chórais chlárúcháin bhrústocaireachta;
- Treoir agus comhairle a chur ar fáil ar na saincheisteanna sin agus ar eochairthéamaí a thagann as oibriú an chórais chlárúcháin bhrústocaireachta;
- Aiseolas agus comhairle straitéiseach a chur ar fáil ar dhul chun cinn, ar gharspriocanna agus ar réiteach shaincheisteanna chun cabhrú le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme;
- Gníomhú mar fhóram fadhbréitigh a shainaithneoidh straitéisí chun saincheisteanna éiritheacha a thagann aníos ag an leibhéal oibriúcháin a mhaolú;
- Moltaí a phlé agus a dhéanamh agus barúil a thabhairt ina dtaobh maidir leis na ceanglais oideachais agus treorach ar an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin reachtaíocht;
- Comhairle a chur ar fáil ar straitéis Cumarsáide a chur chun feidhme.